Eisiúint Meáin

Déardaoin, 30 Iúil 2025

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

# Fógraíonn an tAire Calleary ardú ar an bhfóirdheontas do theaghlaigh agus coláistí cónaithe Gaeltachta faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

Tá sé fógartha ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD inniu (Déardaoin, 31 Iúil) go bhfuil ardú ceadaithe aige ar na fóirdheontais atá iníoctha le teaghlaigh Ghaeltachta agus coláistí cónaithe a chuireann lóistín ar fáil do lucht freastail na gcoláistí Gaeilge.

Rinne an tAire an fógra le linn cuairte ar Choláiste Mhuigheo, áit ar bhuail sé le mná tí, múinteoirí, daltaí agus baill foirne eile.

Beidh ardú €1.50 ó €13 go €14.50 ar an bhfóirdheontas a íoctar de ghnáth faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge de chuid na Roinne le theaghlaigh atá aitheanta faoin scéim. Anuas air sin, beidh ardú €1 ó €9.50 go €10.50 ar an deontas a íoctar leis na brúnna/coláistí cónaithe atá aitheanta chun lóistín a sholáthar faoin scéim.

Bainfidh os cionn 500 teaghlach ó cheann ceann na Gaeltachta atá cláraithe leis an Roinn faoin scéim leas as an ardú le héifeacht ó thús na gcúrsaí samhraidh 2025 ar 31 Bealtaine 2025.

Tagann an t-ardú sna sála ar ardú de bheagnach 30% ar an ráta fóirdheontas atá iníoctha le teaghlaigh agus an méadú 90% i gcomhthéacs na coláistí cónaithe agus brúnna, ó 2022 i leith.

Anuas ar na hardaithe seo, tá ardú ar an bhfóirdheontas a íoctar faoi dhá scéim eile de chuid na Roinne, Scéim Oileánda (ÁRAINN) Gaeltachta faoina dtugtar deis do scoláirí scoilbhliain iomlán a chaitheamh ar cheann de na trí oileán Árainn agus an

Scéim ERASMUS Gaeltachta faoina dtugtar deis do mhic léinn tríú leibhéil seimeastar a chaitheamh sa Ghaeltacht.

Is é cuspóir foriomlán an bheartais seo atá fógartha tacú leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht de réir cuspóirí na Straitéise 20-Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Tugann an tábla thíos briseadh síos ar na hardaithe:

| **Fóirdheontas** | **Ráta 2024** | **Ardú 2025** |
|---|---|---|
| Gnáthchúrsaí | €13.00 | €14.50 |
| Brú/coláiste cónaithe | €9.50 | €10.50 |
| ERASMUS Gaeltachta | €22.00 | €23.50 |
| Scéim Oileánda (ÁRAINN) Gaeltachta | €34.00 | €35.50 |

**Dúirt an tAire Calleary inniu:**

> " *Tá tábhacht faoi leith ag Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge don Ghaeilge agus do gheilleagar na Gaeltachta araon agus í ar an scéim is sine atá á riar ag mo Roinn. Is iad na teaghlaigh a chuireann lóistín ar fáil atá mar chnámh droma na scéime. Mar aitheantas air sin agus ar an ardú atá tagtha ar na costais a thiteann orthu, tá áthas orm an méadú deontais seo a fhógairt a chabhróidh le hós cionn 500 teaghlach. Lena chois sin, cabhróidh an t-ardú leis na coláistí cónaithe agus go deimhin na coláistí ar fad lena gcuid iarrachtaí féin chun teaghlaigh nua a earcú agus a choinneáil.*"

**CRÍOCH**

Teagmháil:

Preasoifig na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

01-773 6843 / 087-7586980

Press.office@drcdg.gov.ie

gov.ie/drcdg | X | Facebook | Instagram | LinkedIn |Threads | Bluesky | WhatsApp | YouTube

**Nóta don Eagarthóir:**

Is é cuspóir Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (SFG) - atá ar an scéim is sine atá á riar ag an Roinn, tacú le deiseanna breise sealbhaithe agus saibhrithe teanga a chur ar fáil sa Ghaeltacht do lucht freastail iar-bhunscoileanna agus tríú leibhéal na tíre.

De thoradh an arduithe atá fógartha, beidh ciste foriomlán ar fiú tuairim is €6m á infheistiú go bliantúil feasta ag an Roinn ar leas na hearnála.

**Ardú an deontais go €14.50** - sampla ar thionchar an ardaithe ar theach a mbíonn 16 foghlaimeoir ar iostas leo:

- **16 foghlaimeoir x 21 oíche x 3 chúrsa trí seachtaine x €1.50 ón Roinn = €1,512**

**€14.50 in aghaidh an oíche (ionann le €304.50 in aghaidh an scoláire) i leith cúrsa trí seachtaine (21 oíche) an fóirdheontas seo.**

**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta**

Anois is é ainm nua na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail ná an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Is iad na teidil atá ag ár mbeirt Airí ná an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD agus an tAire Stáit le Freagracht as Forbairt Pobail agus Carthanas, Jerry Buttimer TD. Ba cheart úsáid a bhaint as na teidil thuas agus tagairt á déanamh don Roinn agus do na hAirí as seo amach.

*Tá an preasráiteas seo á fháil agat mar go bhfuil tú ar liosta meán na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi láthair.*

*Mura mian leat ríomhphoist den chineál seo a fháil ón Roinn a thuilleadh, is féidir leat díliostáil trí fhreagairt chuig an seoladh ríomhphoist seo leis an bhfocal*

*"díliostáil" sa líne ábhair agus déanfaimid do sheoladh ríomhphoist a bhaint dár mbunachar sonraí.*

Media Release
Thursday, 31st July 2025

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

# Minister Calleary announces increase in subsidy to Gaeltacht families and residential colleges under Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

The Minister for Rural and Community Development and the Gaeltacht, Dara Calleary TD, has today (Thursday, 31st July) announced that he has approved an increase in the subsidies payable to Gaeltacht families and residential colleges who provide accommodation for attendees of Irish-language colleges.

The Minister made the announcement during a visit to Colaiste Mhuigheo where he met with mná tí, teachers, students and staff.

The subsidy will increase by €1.50, from €13 to €14.50, typically paid under the Department's Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge [Irish-language Learners' Scheme] to families recognised under the scheme. In addition, the grant paid to recognised hostels/residential colleges who provide accommodation under the scheme will increase by €1, from €9.50 to €10.50.

More than 500 families across the Gaeltacht who are registered with the Department under the scheme will benefit from the increase, with effect from the beginning of the 2025 summer courses on 31 May 2025.

The increase follows the nearly 30% increase to the subsidy rate payable to families and the 90% increase to residential colleges and hostels since 2022.

Today's announcement also includes an increase to the subsidies payable under two of the Department's other schemes, Scéim Oileánda (ÁRAINN) Gaeltachta which provides students with the opportunity to spend a whole school year on one of the three Árainn islands and the ERAMUS Gaeltachta Scheme which gives third-level students the opportunity to spend a semester in the Gaeltacht.

The overall objective of this initiative is to support the Irish language and the Gaeltacht in line with the objectives of the Government's 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030.

The table below gives a breakdown of the increases:

| **Subsidy** | **2024 Rate** | **2025 Increase** |
|---|---|---|
| Ordinary Courses | €13.00 | €14.50 |
| Hostel/Residential college | €9.50 | €10.50 |
| ERASMUS Gaeltachta | €22.00 | €23.50 |
| Scéim Oileánda (ÁRAINN) Gaeltachta | €34.00 | €35.50 |

**Minister Calleary said today:**

> *"Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, which is the oldest scheme administered by my Department, is of particular importance to both the Irish language and the Gaeltacht economy. The families who provide accommodation are the backbone of this scheme. In recognition of their role and of the increase in the costs they bear, I am happy to announce this grant increase which will help over 500 families. Additionally, the increase will help the residential colleges and indeed all of the colleges in their efforts to recruit and retain new families."*

**ENDS**

Contact:

The Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht Press Office

01-773 6843 / 087-7586980

Press.office@drcdg.gov.ie

gov.ie/drcdg | X | Facebook | Instagram | LinkedIn |Threads | Bluesky | WhatsApp | YouTube

**Note to the Editor:**

The objective of Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (SFG), which is the oldest scheme administered by the Department, is to support the provision of additional opportunities for language acquisition and enrichment in the Gaeltacht for the country's post-primary and third-level students.

As a result of the announced increase, there will be an overall fund worth around €6m invested every year henceforth by the Department to the benefit of the sector.

**Increase in the grant to €14.50** – an example of the impact of the increase on a house which accommodates 16 learners:

- **16 learners x 21 nights x 3 three-week courses x €1.50 from the Department = €1,512**

**€14.50 per night (equivalent of €304.50 per student) for a three-week course (21 nights) with this subsidy.**

**The Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht**
The Department of Rural and Community Development is now known as The Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht. Our Minister's titles are Minister for Rural and Community Development and the Gaeltacht, Dara Calleary TD and Minister of State with Responsibility for Community Development and Charities, Jerry Buttimer TD. The above titles should be used when referring to the Department and Ministers going forward.